An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige

Department of
Children and Youth Affairs

# Tuarascáil Bhliantúil 2014

## Tuarascáil Bhliantúil 2014

## RÉAMHFHOCAL LEIS AN AIRE

Tá áthas orm an deis seo a bheith agam fáilte a chur roimh fhoilsiú 3ú Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Tugann an Tuarascáil breac-chuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i 2014 ar fud gach réimse de fhreagrachtaí na Roinne. Ghlac mé féin freagracht mar Aire ar an Roinn i Mí Iúil 2014, freagracht a bhí roimhe sin ar mo chomhghleacaí Charlie Flanagan TD, agus ar a réamhtheachtaí siúd, Frances Fitzgerald TD.

Ba í 2014 chéad bhliain iomlán oibrithe Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Roimhe sin rinneadh ullmhúcháin leitheadacha, dhlíthiúla, eagraíochtúla agus oibríochtúla le linn 2012 agus 2013. Gnóthachtáil shuntasach a bhí i mbunú na Gníomhaireachta, agus ba iad obair chrua agus tiomantas páirtithe leasmhara éagsúla ba chúis léi, cuid mhór, chomh maith le cinneadh diongbháilte go raibh a leithéid de chéim go mór mhór chun leas na leanaí agus na dteaghlach.

I 2014 rinneadh dul chun cinn freisin i bpríomhréimsí de chlár oibre an Rialtais do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear foilsiú *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, chomh maith le hobair shuntasach chun a chinntiú nach gcuirfear cóiríocht ar fáil a thuilleadh do leanaí i bpríosúin do dhaoine fásta. Rinne muid an réamhobair do raon tionscnamh an-tábhachtach atá ag teacht chun críche anois, lena n-áirítear na moltaí chun aghaidh a thabhairt ar chostais chúraim leanaí atá i bhfad ró-ard agus rialú feabhsaithe na suíomhanna luathbhlianta.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí agus le foireann ar fad na Roinne as a gcuid oibre agus as a gcuid tacaíochta leanúnacha agus muid ag déanamh ár ndícheall áit níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do leanaí agus do dhaoine óga.

An Dr. James Reilly, TD
An tAire do Leanaí agus Gnóthaí Óige

Eanáir 2016

## INTREOIR LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil do 2014 3ú bliain iomlán ár gcuid oibre sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá sí curtha faoi bhráid faoi alt 4 den Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Le linn 2014 d'oibrigh muid go dian chun na tosaíochtaí sin a bhí le fáil inár Ráiteas Straitéise a chur chun cinn. Áirítear i measc na móreilimintí dul chun cinn:

- Bunaíodh *Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach* go foirmeálta ar 1 Eanáir 2014; tá sí ar cheann de na hathchóirithe earnála poiblí is uaillmhianaí agus is forleithne ar tugadh fúthu ag an Rialtas. Tugann sí le chéile beagnach 3,800 ball foirne ón FSS, ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus ón mBord Náisiúnta um Leas Oideachais agus soláthraíonn sí ardán do sheachadadh seirbhíse comhtháite, éifeachtúla agus éifeachtaí do leanaí leochaileacha, do dhaoine óga agus do theaghlaigh.

- Seoladh *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, Creatlach an Pholasaí Náisiúnta nua do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020, i Mí Aibreáin. Is é an chéad chreatlach pholasaí náisiúnta uileghabhálach a chuimsíonn leanaí agus daoine óga ón mbreith go haois a 24 bliana, agus leagann sé amach cuspóirí an Rialtais maidir le feabhsú shaol na leanaí agus na ndaoine óga thar an tréimhse 2014 go 2020.

- *Luathbhlianta:* Chuir muid clár oibre cáilíochta na luathbhlianta chun cinn trí bhunú cur chuige náisiúnta i dtaca le soláthar tacaí do sheirbhísí luathbhlianta chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gcáilíocht. Tá i gceist leis an tionscnamh seo tabhairt le chéile na hoibre sin a rinneadh cheana ag Coistí áitiúla Cúraim Leanaí agus ag eagraíochtaí deonacha áitiúla le sraith nua thacaíochta, *Sainseirbhís na Luathbhlianta*.

- *Leanaí ar dTús:* Leanadh ar aghaidh le hobair ar fhorbairt an Bhille thábhachtaigh seo. Chuaigh Grúpa Idir-Rannach Leanaí ar dTús i mbun raon ceisteanna cur i bhfeidhm agus bhí Treoir Náisiúnta athbhreithnithe á forbairt ag an am céanna.

- *Scoileanna Coinneála Leanaí, Baile an Oibricigh:* Tugadh obair beagnach chun críche maidir leis na chéad 3 aonad cónaithe, chun aistriú na freagrachta do bhuachaillí 17 mbliana ón gcóras príosúin do dhaoine fásta go dtí na scoileanna coinneála leanaí a éascú. Tugadh tógáil na hÁise nua Náisiúnta Coinneála Leanaí beagnach chun críche, áis a sholáthróidh seirbhís nua tógtha le sainchuspóir agus a dhéanfaidh na 3 scoil a bhí ag feidhmiú go dtí sin a chónascadh.

- *Coimisiún Fiosrúcháin ar Árais Mháithreacha agus Leanaí:* Cuireadh obair fhorleathan i gcrích chun ullmhúchán a dhéanamh do bhunú Coimisiúin reachtúil Fhiosrúcháin, ag cur san áireamh a théarmaí beachta tagartha, na tascanna a bhfuiltear le tabhairt fúthu, agus an raon iomchuí modheolaíochtaí atá le húsáid. Bunaíodh an Coimisiún go foirmeálta i Mí Feabhra 2015.

Agus muid ag seachadadh na dtosaíochtaí seo agus tosaíochtaí eile, déanaimid sin le comhoibriú agus le tacaíocht ó chomhghleacaithe i Ranna Rialtais agus i ngníomhaireachtaí eile chomh maith leis an earnáil níos leithne do leanaí, agus táimid an-bhuíoch as sin. Lean muid orainn de bheith ag cothú caidreamh oibre dearfach lenár gcuid páirtithe leasmhara, rud a chabhraigh linn na brúnna agus na dúshláin sin a thuiscint a bhíonn os comhair na leanaí, na ndaoine óga agus na dteaghlach. Tá iarracht leanúnach déanta againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, agus timpeallacht a chruthú a chuireann ar chumas na leanaí, na ndaoine óga agus na dteaghlach a lánphoitéinseal a bhaint amach.

Mar Roinn bheag Rialtais le clár uaillmhianach athchóirithe bímid ag brath go mór ar thiomantas agus ar dhea-thoil fhoireann na Roinne; gach lá, ar a lán bealaí éagsúla, bíonn siad ag obair chun feabhas a chur ar

thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn. Is mian liom ómós a chur in iúl dóibh, as an obair a rinne siad i rith 2014, agus le linn dom sin a dhéanamh, geallaim go leanfaidh éifeachtúlacht fheabhsaithe eagraíochtúil agus tacaíocht fheabhsaithe lena gcuid iarrachtaí ar aghaidh mar ardtosaíochtaí.

Tá súil agam gur díol spéise duit a bheidh san fhaisnéis a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus cuirim fáilte roimh gach tuairim agus gach cineál aiseolais.

Fergal Lynch
Ard-Rúnaí

Eanáir 2016.

## Ábhar


### Cuid 1 - Intreoir

1. Ráiteas Misin
2. 2014 faoi athbhreithniú

### Cuid 2 – Cuspóirí Straitéiseacha (2012-2014): Dul Chun Cinn Bainte Amach i 2014

### Aguisíní

I. Clár Reachtaíochta 2014

II. Foilseacháin i 2014

III. Sonraí Corparáideacha

IV. Forléargas ar Úsáid Fhuinnimh i 2014

V. Cairt Eagraíochta & Comhlachais faoi choimirce na Roinne

# Cuid 1 - Intreoir

**1. Ráiteas Misin**

Is é cuspóir iomlán na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ná bheith i gceannas ar an iarracht chun feabhas a chur ar na torthaí do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.

I Mí Mheithimh 2011 bhunaigh an Rialtas, den chéaduair, Roinn thiomanta chun seachadadh príomhcheangaltas a spreagadh i dtaca le leanaí agus le daoine óga. Cuimsíonn freagrachtaí na Roinne raon leathan gníomhaíochta polasaí agus seirbhíse, idir dhíreach agus neamhdhíreach, do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn. Tá sainchúram casta aige, ag cuimsiú líon sraitheanna atá scartha ach idirghaolmhar:

- soláthar díreach raon seirbhísí uilíocha agus dírithe;
- ag cinntiú go mbíonn socruithe d'ardchaighdeán i bhfeidhm le haghaidh idirghabhálacha dírithe a phléann le leas agus cosaint leanaí, tacaíocht teaghlaigh, uchtáil, freastal scoile agus laghdú coiriúlachta i measc an aosa óig;
- comhchuibhiú polasaí agus soláthair ar fud an Rialtais, agus le raon leathan páirtithe leasmhara, chun feabhas a chur ar thorthaí do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh.

**2. Athbhreithniú ar 2014**

De bhun Clár an Rialtais cuireadh an fhreagracht ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige as roinnt ceangaltas a sheachadadh, lena n-áirítear: reifreann a reáchtáil chun an Bunreacht a leasú chun cinntiú go dtreisítear cearta na leanaí, de réir na dtreoirlínte a moladh ag Coiste Uile-pháirtí an Oireachtais; ag déanamh bunathchóiriú ar sheachadadh na seirbhísí cosanta leanaí trí leas agus cosaint leanaí a bhaint d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireacht thiomanta um leanaí agus an teaghlach a chruthú, ag athchóiriú mhúnla an tseachadta sheirbhíse agus ag feabhsú cuntasachta don Dáil; ag coinneáil na bliana réamhscoile saor in aisce, agus ag feabhsú caighdeán na bliana céanna de réir mar a cheadaítear sin ag acmhainní; achtú reachtaíochta chun an dlí um uchtáil a chomhdhlúthú agus a athchóiriú; infheistiú i gclár dírithe oideachais luathóige do leanaí faoi mhíbhuntáiste, ag tógáil ar thacaí dírithe réamhscoile ar ann dóibh cheana do na teaghlaigh sin is mó a dteastaíonn cabhair uathu, leithéidí tionscadal youngballymun, agus ag cur deireadh leis an gcleachtas de bheith ag cur leanaí go hInstitiúid Naomh Pádraig.

<u>I measc na bpríomhbheart a rinneadh i 2014 tá:</u>

Bunú Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar 1 Eanáir 2014. Is í Tusla an ghníomhaireacht thiomanta Stáit atá freagrach anois as feabhsú leas agus torthaí do leanaí. Is é atá i gceist le bunú na Gníomhaireachta ná an t-athchóiriú is cuimsithí riamh ar sheirbhísí leasa agus cosanta na leanaí, luathidirghabhála agus tacaíochta teaghlaigh ar tugadh riamh faoi in Éirinn. Beart uaillmhianach atá ann a thug le chéile beagnach 3,800 ball foirne agus buiséad oibríochtúil de thart ar €600 milliún.

Foilsiú *Torthaí Níos Fearr*, *Todhchaí Níos Gile*, Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020, a chomhlíonann ceann de phríomh-mholtaí Tuarascála Ryan, is é sin polasaithe ábhartha a thabhairt le chéile, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le tionscnaimh choisc agus luathidirghabhála, oideachas luathóige, cineálacha cur chuige limistéarbhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhochtanas leanaí, agus ag tabhairt aghaidhe ar easpa dídine i measc an aosa óig agus ar sholáthar iarchúraim.

Dul chun cinn i dtreo bhunú an Choimisiúin Fhiosrúcháin ar Aráis Mháithreacha agus Leanaí agus Nithe Gaolmhara Áirithe, lena n-áirítear toil an Bhreithimh Yvonne Murphy tabhairt faoi ról Chathaoirleach an Choimisiúin. D'fhoilsigh an tAire Reilly freisin tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Árais Mháithreacha agus Leanaí, rud a chabhraigh go mór leis an Rialtas chun scrúdú riachtanach na ceiste tábhachtaí a scóipeáil. Tá an Coimisiún á bhunú faoin Acht um Choimisiún Fiosrúcháin, 2004.

Dul chun cinn maidir le roinnt príomhthosaíochtaí reachtaíochta, lena n-áirítear an Bille um Leanaí ar dTús, dréachtleaganacha Bille um Uchtáil (Faisnéis agus Rianú), an Bille um Leanaí (Uchtáil), breithniú faoi fhorálacha beartaithe reachtaíochta i dtaca le hIarchúram agus rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir lena gcur chun cinn an Bhille um Chaidrimh Leanaí agus Teaghlaigh, ar faomhadh an Scéim Ghinearálta a bhaineann léi ag an Rialtas i Mí Mheán Fómhair 2014.

Rinneadh dul chun cinn maidir le hearcú Ombudsman nua do Leanaí i dtreo dheireadh na bliana, chun feidhmiú in áit Emily Logan (a ghlac leis an bpost mar Phríomhchoimisinéir Choimisiún Comhionannais agus Cearta Daonna na hÉireann). Bhí roinnt leanaí rannpháirteach sa phróiseas earcaíochta a ndearna an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maoirseacht air.

Tharla Sárthaispeántas Náisiúnta Chomhairle na nÓg i bPáirc an Chrócaigh ar 20 Samhain 2014, le cúig chéad duine óg idir aois 12-17, ó Chomhairlí na nÓg ó ar fud na hÉireann, iad ag ceiliúradh 25ú comóradh bliana Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe faoi Chearta an Linbh i gcuideachta an Taoisigh, Enda Kenny TD.

Go deireanach, tugadh an obair beagnach i gcrích maidir leis na chéad 3 aonad cónaithe a éascóidh aistriú na freagrachta do bhuachaillí 17 mbliana ó chóras príosúin na ndaoine fásta go dtí na scoileanna coinneála leanaí ag Baile an Oibricigh, Lusca, Co. Átha Cliath.

Tá i gcónaí ualach oibre suntasach ag baint le lánfhreagrachtaí Roinne Rialtais i réimsí leithéidí na meáin agus réimse na cumarsáide, gnó an Rialtais, ag tacú le agus ar freastal ar riachtanais rann eile Rialtais agus ag cinntiú go dtacaítear lenár gcuid riachtanas féin, agus cuntasacht airgeadais agus eile i leith an Oireachtais agus a chuid struchtúr Coiste.

Is ualach oibre suntasach i gcónaí iad na riachtanais pharlaiminteacha don Roinn bheag seo ó bunaíodh í. Thacaigh an Roinn leis an Aire agus é ag tabhairt freagra ar na ceisteanna parlaiminteacha seo a leanas:

| | **2013** | **2014** |
|---|---|---|
| **Ceisteanna béil** | 513 | 246 |
| **Ceisteanna scríofa** | 1,178 | 1,177 |
| **Iomlán** | 1,691 | 1,423 |

Sa chéad chuid eile den Tuarascáil Bhliantúil déantar achoimriú ar an dul chun cinn a baineadh amach le linn 2014 i dtaca le gach ceann de na gníomhaíochtaí tosaíochta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne. Tá na gníomhaíochtaí seo ionchorpraithe i bpleananna bliantúla gnó na n-aonad ábhartha.

# Cuid 2 – Cuspóirí Straitéiseacha (2012-2014): Dul Chun Cinn Bainte amach i 2014

**Cuspóir Straitéiseach 1 (2012-2014):**
**Polasaithe, reachtaíocht agus acmhainní a fhorbairt, a threisiú agus a ailíniú chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí agus do theaghlaigh**

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 1.1**<br>**Creatlach pholasaí chomhtháite a ullmhú agus a fhoilsiú chun gníomhaíochtaí a chomhordú agus chun buntacú le baint amach torthaí feabhsaithe do leanaí agus do dhaoine óga** |
|---|
| Seoladh *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile,* Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020, i Mí Aibreáin 2014 ag an Taoiseach, ag an Tánaiste agus ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá sé mar aidhm ag an gCreatlach go ndéanfaí d'Éirinn an tír bheag is fearr ar domhan le fás aníos inti agus le teaghlach a thógáil, agus mar a léirítear meas do chearta gach linbh agus gach duine óig, agus mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar na cearta sin; mar a gcloistear a nglór agus mar a dtacaítear leo chun a n-uasphoitéinseal a bhaint amach anois agus sa todhchaí.<br><br>Cuireadh na struchtúir do chur i bhfeidhm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* i bhfeidhm le linn 2014:<br>• Bunaíodh Cuibhreannas Polasaí ardleibhéil na Leanaí agus na nDaoine Óga chun a bheith i gceannas ar agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm. Tionóladh a chéad chruinniú i Mí Aibreáin 2014.<br>• Bunaíodh Foireann Chur i bhFeidhm laistigh den Roinn chun cur i bhfeidhm a thionscadalbhainistiú agus a chomhordú.<br>• Tionóladh Grúpa trasRialtais Urraí ag cuimsiú ionadaithe ó phríomhRanna chun an cur i bhfeidhm a spreagadh go gníomhach agus fóram a sholáthar do réiteach fadhbanna i Mí Mheithimh 2014.<br>• Bunaíodh Comhairle Chomhairleach ar a raibh ionadaithe ó na hearnálacha pobail agus deonacha chomh maith le hainmnithe de chuid an Aire i Mí na Samhna 2014.<br><br>Tá Foireann Chur i bhFeidhm na Roinne ag forbairt Plean Cur i bhFeidhm do 2014-2017, ina bhfuil le fáil gníomhartha sonracha do gach ceann de na 163 cheangaltas atá i *dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*.<br><br>Tar éis próisis chomhairliúcháin le príomhRanna agus le príomhghníomhaireachtaí Rialtais agus leis an earnáil neamhRialtais, dréachtaíodh an chéad Straitéis Náisiúnta do Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga in ailíniú le *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Tá obair tosaithe ar fhorbairt Mhol Rannpháirtíochta na Leanaí agus na nDaoine Óga. Gníomhóidh an Mol mar lárionad náisiúnta feabhais ar an rannpháirtíocht agus tacóidh sé le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga.<br><br>Cuireadh tús le forbairt bhunachair shonraí ar líne dhoiciméad agus acmhainní ar líne faoi theoiric agus faoi chleachtas rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga sa chinnnteoireacht. Coimisiúnaíodh freisin cleachtadh scóipe chun riachtanais na bpáirtithe leasmhara a thaiscéaladh agus chun dul i bhfeidhm ar bhunú an Mhoil Rannpháirtíochta.<br><br>Seoladh an Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig (PGCAÓ) 2014-2018 ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 3 Feabhra 2014. Is é an fócas don Phlean Gníomhaíochta ná leanúint ar aghaidh leis na treochtaí anuas sa choireacht ardtoirte agus an riachtanas coinneála a laghdú. Déantar monatóireacht air ag grúpa stiúrtha, a bhfuil Stiúrthóir Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig ina chathaoirleach air, grúpa a chuimsíonn ionadaithe sinsearacha |

de chuid na bpríomhpháirtithe leasmhara (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, An Garda Síochána, An tSeirbhís Promhaidh, Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.).

Cuireadh i gcrích Prótacal maidir le Daoine Óga ag Fágáil Cúram Cónaithe an Stáit, le maoirseacht ón Roinn agus ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus comhaontaithe idir Tusla agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, i dtaca le bheith ag plé le ceisteanna cóiríochta do dhaoine óga agus iad ag fágáil cúraim chónaithe, cuireadh an prótacal sin i gcrích i 2014. Beidh i gceist leis seo go mbeidh an t-ionadaí ábhartha tithíochta údaráis áitiúil ag freastal ar chruinnithe pleanála iarchúraim le hoibrithe sóisialta de chuid Tusla maidir leis na daoine óga sin ar aithníodh an tithíocht shóisialta mar an cineál is oiriúnaí tacaíochta cóiríochta dóibh í. Ina theannta sin, táthar tar éis aitheantas a thabhairt, ar iarratas na Roinne, do dhaoine óga agus iad ag fágáil cúraim chónaithe an Stáit, mar ghrúpa leochaileach i dtreoir ón Aire Comhshaoil chuig ceithre údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath, agus chuig údaráis tithíochta áirithe eile a dhéanann ardtosaíocht de theaghlaigh gan dídean agus grúpaí leochaileacha eile (lena n-áirítear daoine óga agus iad ag fágáil cúraim chónaithe an Stáit) le haghaidh tithíochta ina gceantar faoi seach ar feadh tréimhse sé mhí. Ba chóir go laghdódh an beart seo líon na ndaoine gan dídean, ag cur san áireamh iad siúd atá ag fágáil cúraim chónaithe, i gcóiríocht éigeandála.

Chuir an Roinn tús le forbairt Straitéise Náisiúnta Óige. Díreoidh an Straitéis ar na ceangaltais pholasaí sin a bhaineann le gnóthaí óige is a dtugtar breac-chuntas orthu i *dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Tá Tascghrúpa Straitéise Náisiúnta Óige, tionólta ag an Roinn i Mí Iúil 2014, ag déanamh maoirseachta ar fhorbairt na Straitéise nua. Cuimsíonn an Tascghrúpa seo leasanna reachtúla óige agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí deonacha a bhíonn ag obair le daoine óga. Cé gur straitéis uilíoch a bheas ann do gach duine óg idir aois 10 agus 24, beidh fócas ar leith aige ar na daoine sin is mó atá faoi mhíbhuntáiste nó i mbaol agus a mbíonn na torthaí is measa acu, agus ar mó go dteastaíonn tacaíocht uathu, mar sin de. Ta sé i gceist go gcuirfí an Straitéis i gcrích faoi Ráithe 3, 2015.

Foilsíodh an tAthbhreithniú Luach Airgid agus Polasaí ar Chláir Óige a dhíríonn ar dhaoine óga i mbaol míbhuntáiste i Mí na Nollag 2014. Ba é cinneadh an athbhreithnithe gur féidir leis na cláir óige cur go suntasach le feabhsú torthaí do na daoine rannpháirteach agus gur chóir breithniú a dhéanamh maidir le maoiniú leanúnach poiblí a thabhairt dóibh. Déanann an t-athbhreithniú roinnt moltaí i dtaca le feidhmiú na scéimeanna óige sa todhchaí agus i dtaca lena bhforbairt sna blianta atá amach romhainn. Tá comhairliúchán faoi chinneadh agus moltaí an athbhreithnithe beartaithe do chéad tréimhse 2015. Cuirfear moladh an athbhreithnithe i bhfeidhm i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Óige 2015-2020.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.2**
**Forbair agus cuir i bhfeidhm clár cuimsitheach reachtaíochta**

Tá toradh Reifreann na Leanaí, a tionóladh i Mí na Samhna 2012, faoi réir ag dúshláin leanúnacha dlíthiúla. I Mí Dheireadh Fómhair 2013 agus i Mí Mheithimh 2014, sheachad an Ardchúirt breithiúnais ar leith agus í ag diúltú seasamh le dúshláin a rinneadh maidir le toradh an reifrinn. Rinneadh achomharc faoi gach ceann de na breithiúnais seo chuig an gCúirt Uachtarach, a d’éist leis na hachomhairc, ar bhonn comhdhlúite, i Mí na Nollag 2014. Ag conclúid a héisteachta leis na hachomhairc d’fhorchoimeád an Chúirt Uachtarach a breithiúnas sa cheist, breithiúnas a rabhthas ag súil leis ag deireadh na bliana.

Foilsíodh Bille Leanaí ar dTús 2014, bille a chuirfidh eilimintí de Threoir Náisiúnta Leanaí ar dTús do Chosaint agus do Leas na Leanaí (2011) ar bhonn reachtúil; is ar 14 Aibreán 2014 a foilsíodh é.

Bhí i gceist le bunú Tusla tabhairt le chéile beagnach 3,800 ball foirne ó thrí eagraíocht ar leith – an FSS, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais. Bhí buiséad

iomlán ag an nGníomhaireacht nua de €609 milliún i 2014.

Tá Tusla tar éis glacadh le freagracht as raon leathan seirbhísí, lena n-áirítear:

- Seirbhísí Leasa agus Cosanta Leanaí, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a seachadadh roimhe seo ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh na FSS;
- Seirbhísí a seachadadh roimhe seo ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus ag an mBord Náisiúnta um Leas Oideachais;
- Seirbhísí iniúchta réamhscoile;
- Seirbhísí in aghaidh foréigin teaghlaigh, gnéis agus inscnebhunaithe;
- Seirbhísí pobalbhunaithe a bhaineann le leas síceolaíoch na leanaí agus na dteaghlach.

Chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an Roinn Sláinte maidir le cur chun cinn tosú ailt ábhartha an Achta Shláinte 2007 le cur ar chumas an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte tosú ar chlárú lárionad ainmnithe cónaithe do leanaí faoi chúram. Tabharfaidh sin aghaidh ar mholadh ábhartha Choimisiún Ryan.

Tugadh faoi chomhairliúchán leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) agus athbhreithniú á dhéanamh ar chaighdeáin 1995 do sholáthar na n-aonad sainchúraim. Chinntigh an comhairliúchán seo go raibh na caighdeáin comhoiriúnach leis na dréachtrialacháin don sainchúram agus chuir an Roinn comhairle shaineolach ar fáil do ÚFCS chun tacú le próiseas dréachtaithe an téacs. Tar éis comhairliúcháin phoiblí, chomhaontaigh ÚFCS an téacs deiridh go déanach i 2014.

Cuireadh chun críche dhá thacar Rialachán, a rialaíonn cúram agus leas na leanaí atá á gcoinneáil i suíomhanna sainchúraim chomh maith le clárú a leithéid de shuíomhanna. Tarlóidh fógairt na Rialachán seo i 2015, tar éis roinnt leasuithe teicniúla reachtúla ag eascairt as an Acht um an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013.

Thoiligh an Rialtas go gcuirfí na forálacha a dhéanfadh soláthar don cheart ar phlean iarchúraim faoi bhráid Oifig na Comhairle Parlaimintí le haghaidh a ndréachtaithe, i dtaca leis na moltaí a rinneadh ag Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí agus i dtaca le breithniú an Aire faoin gceist chéanna.

Chuir an Roinn agus Oifig an Ard-Aighne chun cinn dréachtú Bhille na Leanaí (Leasú). Cé gurb é príomhfhócas an Bhille ná bonn reachtúil a sholáthar do chónascadh na Scoileanna Coinneála Leanaí, socraíodh gur chóir aghaidh a thabhairt ar cheisteanna breise sa Bhille. Áiríodh i measc na gceisteanna dar theastaigh dréachtú breise soláthar a dhéanamh do loghadh pianbhreithe do leanaí a cuireadh faoi choinneáil i scoileanna coinneála leanaí, lena n-áirítear forálacha do chur chuige athbhreithnithe i dtaca le leanaí a daoradh go hachomair agus atá faoi réir ag ordú coinneála nuair a bhaineann siad aois 18 amach agus forálacha a scriosadh a cheadaíonn cimiú agus cóiríocht leanaí in áiseanna príosúin do dhaoine fásta, forálacha nach mbeidh ag teastáil a thuilleadh tar éis oscailt na háise nua coinneála leanaí ag Baile an Oibricigh. Faomhadh na cinn billí athbhreithnithe ag an Rialtas agus foilsíodh iad i Mí Mheán Fómhair 2014.

Cuireadh i gcrích athbhreithniú ar an Acht Uchtaithe, 2010, athbhreithniú a rachaidh i bhfeidhm ar pholasaí i dtaca le haon athbhreithnithe beartaithe ar an Acht.

Soláthraíodh ionchur suntasach don Bhille um Chaidrimh Leanaí agus Teaghlaigh maidir le méadú an chirt ar uchtáil go lánúineacha comhghnéis agus go lánúineacha comhchónaí.

Ullmhaíodh dréachtchinn billí maidir le huchtáil leastuismitheora.

Soláthraíodh ionchur polasaí do dhréachtchinn billí don Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2015.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.3**
**Na próisis agus na gnáthaimh sin a chur i bhfeidhm a ath-threoshuífidh soláthar maoinithe chun ailíniú le cuspóirí aitheanta polasaí atá leagtha amach i meastacháin agus i ráiteas aschuir na Roinne**

Coimeádadh maoiniú do sheirbhísí óige ag leibhéil 2013. Ceadaíodh solúbthacht arís i ndáileadh leithdháiltí maoinithe le cur ar chumas na seirbhísí óige freagra a thabhairt ar riachtanais áitiúla.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.4**
**Cinntiú go mbíonn socruithe i bhfeidhm chun tacú leis an Roinn freastal ar a cuid dualgas seachtrach maidir le Leanaí agus le Daoine Óga**

Ar 17 Meán Fómhair 2014 d'fhógair an tAire do Leanaí agus Gnóthaí Óige toiliú an Rialtais go síneodh agus go ndaingneodh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh – 3ú Prótacal Roghnach. Tharla síniú agus daingniú an Phrótacail ar 24 Meán Fómhair 2014 agus, de réir na dtéarmaí a leagadh síos, tháinig feidhm leis an bPrótacal, i gcás na hÉireann, ó 24 Nollaig 2014.

Cuireann an Prótacal Roghnach ar fáil na meáin le go ndéanfaí sáruithe líomhnaithe ar chearta na leanaí, faoi mar atá siad leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, le go ndéanfaí iad a chur in iúl go díreach do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, grúpa de 18 saineolaithe idirnáisiúnta i réimse cearta na leanaí, coiste a bunaíodh faoin gCoinbhinsiún chun tuairisc a thabhairt faoina chur i bhfeidhm do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

Is féidir téacs an Phrótacail a fheiceáil ag http://www.ohchr.org/EN/HRBodies/CRC.

Ghlac Éire páirt go hiomlán den chéaduair sna socruithe athbhreithnithe rialachais eacnamaíoch ar cuid den Seimeastar Eorpach iad. Fuair Éire seacht Moladh is Sonraí do Thír (MST). Téann MST 4 i bhfeidhm go díreach ar an Roinn sa mhéid go ngríosaíonn sé Éire chun *"facilitate female labour market participation by improving access to more affordable and full-time childcare, particularly for low income families"*.

Chun a cheangaltas faoina Ráiteas Tosaíochtaí Rialtais 2014-2016 a chomhlíonadh, bhunaigh an Rialtas Grúpa Oibre neamhspleách chun tuairisc a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le feabhsuithe ar an bpróiseas cosanta do lucht iarrtha tearmainn. Bhí a chéad seisiún iomlánach ag an nGrúpa Oibre, faoi chathaoirleacht an iarBhreithimh Ardchúirte, i Mí na Samhna 2014 agus comhaontaíodh clár oibre. Tá san áireamh i mballraíocht an Ghrúpa Oibre ionadaithe ó ranna Rialtais agus ó ENR. Rinneadh ionadaíocht don Roinn ar an nGrúpa Oibre agus thug sí páipéir fhorbartha mar chuid de dhréachtú na tuarascála.

Roghnaíodh Éire ag Comhairle na hEorpa mar cheann de 3 thír a phíolótaigh agus a thástáil Uirlis Mheasúnaithe Rannpháirtíochta Leanaí do Rialtais Bhallstáit. Soláthraíonn an Uirlis Mheasúnaithe 10 mbuntáscaire a chuirfidh ar chumas na Stát:

- tabhairt faoi mheasúnú bonnlíne den chur i bhfeidhm reatha;
- cabhrú chun na bearta sin a aithint a theastaíonn chun tuilleadh comhlíonta a bhaint amach;
- dul chun cinn a thomhas le himeacht ama.

Is í aidhm na hUirlise ná tacú le Stáit agus iad ag comhlíonadh cuspóirí an Mholta (2012)5, agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas do leanaí le linn dóibh sin a dhéanamh. Aithnítear go n-éileoidh na táscairí bailiú sonraí ar féidir nach bhfuil siad ar fáil go réidh faoi láthair. Is féidir go n-éileoidh siad freisin anailís bhreise de na sonraí atá ann cheana. Is é an cuspóir a bhaineann le tástáil na hUirlise ná aiseolas a fháil ó bhallStáit maidir lena phraiticiúla is a shoiléire is a bheadh sé é a úsáid le dul chun cinn a thomhas i dtaca le rannpháirtíocht leanaí agus le faisnéis agus sonraí bunlíne a bhailiú ar rannpháirtíocht leanaí i 3 bhallstát de chuid Chomhairle na hEorpa (Éire, an Eastóin agus an Rómáin).

Chomhthionóil an Roinn agus Rannán Ceart na Leanaí de Chomhairle na hEorpa cruinniú Ionduchtaithe Náisiúnta le haghaidh ionadaithe Rann Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, gairmithe, daoine acadúla agus eagraíochtaí neamhrialtais. Ba é cuspóir an chruinnithe ná an Uirlis a thabhairt isteach, faisnéis a sholáthar do pháirtithe leasmhara faoi dhualgais na hÉireann faoin Uirlis, agus cíoradh a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le comhlíonadh dualgas náisiúnta. D'fhreastail caoga rannpháirteach ó Ranna Rialtais, ó ghníomhaireachtaí Stáit agus ó eagraíochtaí eile ar an gcruinniú. Bailíodh aiseolas maidir le praiticiúlacht úsáid na hUirlise ag an gcruinniú agus ina dhiaidh sin i ngrúpaí fócais le rannpháirtithe cruinnithe agus páirtithe leasmhara eile, daoine óga san áireamh. Ceapadh Sainchomhairleoir Náisiúnta chun tuarascáil a thiomsú faoin bpróiseas tástála in Éirinn, le tacaíocht ó Chomhairle na hEorpa. Cuirfear an chéim phíolótach agus an chéim thástála don Uirlis Mheasúnaithe i gcrích le linn 2015.

Déanann an Roinn ionadaíocht ar Éirinn ag an nGrúpa Saineolach Neamhfhoirmeálta faoi Chearta an Linbh, grúpa a bunaíodh ag Coimisiún an AE i 2013 chun comhoibriú níos dlúithe a bhunú idir an Coimisiún agus Ballstáit faoi cheisteanna éagsúla a bhaineann le cosaint agus le cur chun cinn cearta an linbh. Rinneadh ionadaíocht ar an Roinn ag an 4ú cruinniú den Ghrúpa seo ar 18 Feabhra 2014 agus ag an 5ú cruinniú ar 27 Bealtaine 2014. Tharla an dá chruinniú sa Bhruiséil. Tharla an 6ú cruinniú den Ghrúpa sa Bhruiséil ar 7 Deireadh Fómhair 2014.

Tharla dhá chruinniú de chuid Oifigigh na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (OCATT), i Mí Aibreáin agus i Mí Dheireadh Fómhair. Tionóladh dhá chruinniú OCATT Earnála Sláinte chomh maith, i Mí Aibreáin agus i Mí na Samhna agus tharla dhá chruinniú Iomlánacha de chuid OCATT i Mí Dheireadh Fómhair agus i Mí na Nollag. Ghlac an Roinn páirt freisin i gcruinnithe Earnála Oideachais.

Chomhthionóil an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (OCATT) comhdháil Uile-Oileáin faoi Chúram Leanaí sa Chleachtas, comhdháil dar teideal 'Forbairtí sa Luathidirghabháil agus sa Tacaíocht Teaghlaigh: Ag Measúnú a nIarmhairte do Leanaí', agus a tionóladh ar 20 Deireadh Fómhair, 2014.

Le linn 2014 lean comhoibriú praiticiúil ar aghaidh idir Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn, údaráis Ceartais i Leith an Aosa Óig Thuaisceart Éireann, na Scoileanna Coinneála Leanaí, Baile an Oibricigh agus Lárionad Ceartais Ógánaigh Thalamh na Coille (Woodlands) i mBeannchar, Co. an Dúin. Bhí mar chuid de sin cuairteanna malartúcháin idir bainisteoirí agus baill fhoirne Champais Bhaile an Oibricigh agus Lárionad Talamh na Coille. Rinneadh malartuithe faisnéise teicniúla a bhaineann le háiseanna agus freisin le polasaithe agus le gnáthaimh oibríochtúla.

Bhí mar chuid de chuairt an Choiste Eorpaigh um Chosc Céasta agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach (CCC) ar Éirinn, i Mí Mheán Fómhair 2014, cuairt ar na scoileanna coinneála leanaí. Eiseofar a dtuairisc faoin gcuairt i 2015.

Ghlac an Roinn páirt sna rudaí seo a leanas le linn 2014:
- Comhairle Óige an AE;
- Erasmus + Coiste Cláir;

- Grúpa Saineolach Oibre Óige d’Ardchaighdeán an AE;
- Grúpa saineolach an AE faoi chuidiú na hoibre óige agus na foghlama foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na ndaoine óga.

Rinne an Roinn maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chláir nua Erasmus + do 2014-2020. Is é Léargas – an Biúró Malartaithe, i gcomhairle le daoine óga, an Ghníomhaireacht Náisiúnta atá freagrach as feidhmiú an chláir. Tugann Erasmus + le chéile seacht gclár AE ar ann dóibh cheana i réimsí an Oideachais, na hOiliúna agus na hÓige. Den chéaduair déanfaidh sé soláthar do réimse an Spóirt. Soláthróidh Erasmus + deiseanna do bhreis is 4 mhilliún Eorpach bheith ag staidéar, ag oiliúint agus ag fáil taithí oibre nó bheith ag déanamh taithí oibre thar lear. Tá cuspóirí iomlána chlár Erasmus+ nasctha le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha de chuid an AE ar fud na réimsí ábhartha oideachais agus spóirt chomh maith le cothú luachanna an AE.

**Cuspóir Straitéiseach 2 (2012-2014):**
**Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí chórais láidre rialachais agus cuntasachta i dtaca le freagrachtaí na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí**

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.1**
**De réir Cuspóirí Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, cinntigh go bhfuil socruithe rialachais agus cuntasachta cleachtais is fearr i bhfeidhm i dtaca leis an Roinn, a cuid gníomhaireachtaí agus soláthróirí eile seachadta seirbhíse**

Maidir le Rialachas Gníomhaireachta, lean an Roinn uirthi de bheith i dteagmháil leis na comhlachais faoi shainchúram ar cheisteanna rialachais le tagairt dá gcuid dualgas reachtúil faoi seach agus leis an gCód Cleachtais do Rialú na gComhlachas Stáit. Rinneadh monatóireacht ar an teagmháil seo trí phróiseas seicliosta a tuairiscíodh do Choiste Iniúchta na Roinne. Cuireadh gnáthaimh fheabhsaithe i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú ag Údarás Uchtála na hÉireann leis an Acht Uchtála 2010 agus leis an gCód Rialachais do Chomhlachais Stáit.

Tar éis bhunú Tusla, rinne an Roinn maoirseacht ar chomhlíonadh forálacha reachtúla agus rialachais eile ag an nGníomhaireacht, faoi mar atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, agus i gCód Cleachtais 2009 do Rialachas na gComhlachas Stáit. Bhí mar chuid de sin cur ar fáil tuairiscí rialta dul chun cinn do Choiste Iniúchta Inmheánaigh na Roinne.

Sholáthair Tusla tuairiscí feidhmíochta míosúla agus ráithiúla don Roinn maidir le seachadadh a Plean Gnó 2014.

Bhí de thoradh ar bhunú Tusla athbhreithniú ar tháscairí dírithe feidhmíochta trasna raon beart, lena n-áirítear leanaí faoi chúram, iniúchtaí luathbhlianta agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh. Scrúdaigh an t-athbhreithniú seo an tacar sonraí náisiúnta ar ann dó cheana agus tharraing sé ar shonraí a bhaineann le feidhmíocht ó dhlínsí eile. Comhaontaíodh táscairí feidhmíochta ag an Roinn ar fud an raoin iomláin seirbhísí. Cuireadh an tsraith tháscairí feidhmíochta i bhfeidhm ag Tusla, agus soláthraíodh í ar bhonn míosúil, ráithiúil agus bliantúil.

Forbraíodh tuairiscí míosúla agus ráithiúla 2014, ag soláthar sonraí faisnéiseacha, ag Tusla i gcomhar leis an Roinn le linn na bliana. Foilsítear iad seo ag Tusla ar a shuíomh gréasáin. Thug an Roinn faoi phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar an tsraith tháscairí do 2015, agus tá na chéad táscairí nua le tuairisciú ó Mhí Eanáir 2015.

Chun cumais fhorbartha pholasaí agus mhaoirseachta oibríochtúla na Roinne a mhéadú, tharraing an Roinn ar a cuid athbhreithnithe agus ar a hanailís ar na tuairiscí ó Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL), ÚFCS, Tusla, ENR agus ar thaighde maidir le seirbhísí na leanaí.

Tharla cruinnithe rialta le ÚFCS, ag leibhéal an Aire agus ag leibhéal na n-oifigeach agus, nuair a theastaíonn sin, rinneadh tuilleadh teagmhála maidir le ceisteanna sonracha. Rinne an Roinn tadhall go dlúth leis an Roinn Sláinte i dtaca le plean gnó bliantúil ÚFCS do 2015. Le linn 2014, rinneadh comhairliúchán le ÚFCS faoi chaighdeáin (Sainchúram) agus formáid na dtuairiscí iniúchta.

Lean ÚFCS ar aghaidh lena chlár iniúchtaí ar Sheirbhísí Leasa agus Cosanta Leanaí Tusla, ar Lárionaid Chónaithe Leanaí, ar sheirbhísí Altramaithe Tusla agus ar aonaid sainchúraim. Tá tuairiscí foilsithe ag ÚFCS faoi 11 as 17 limistéar riaracháin idir 2013 agus deireadh 2014. Déantar na hiniúchtaí seo ar bhonn caighdeán atá deartha le haistear linbh a leanúint laistigh de chóras cosanta na leanaí, le cinntiú go bhfuil sábháilteacht agus leas an linbh á gcosaint. Foilsíodh freisin 23 thuairisc faoi Lárionaid Chónaithe Leanaí agus foilsíodh ceithre thuairisc faoi Sheirbhísí Altramaithe Tusla. Tá na tuairiscí iniúchta agus na pleananna gaolmhara gníomhaíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚFCS.

Sna Scoileanna Coinneála Leanaí thug an Bainisteoir Campais, a ceapadh go déanach i 2013, thug sé roinnt athruithe isteach chun rialachas agus cuntasacht a threisiú sna scoileanna. Tugadh struchtúr nua traschampais foirne aonair bhainistíochta isteach. Cuireadh struchtúr nua traschampais riaracháin i bhfeidhm. Chuir na bainisteoirí ar champas Bhaile an Oibricigh tús le comhathbhreithniú foirmeálta le hionadaithe foirne ar an gcóras uainchláir traschampais do bhaill fhoirne chúraim, faoi théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington. Bhí an t-athbhreithniú seo fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2014.

Thug ÚFCS faoi iniúchadh ar na Scoileanna Coinneála Leanaí agus comhaontaíodh Plean Gníomhaíochta faoi mholtaí a d'eascair as an iniúchadh.

Chas Coiste Iniúchta na Roinne le chéile sé huaire le linn na bliana. Is é ról an Choiste ná comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta de réir threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (D/PER). Tá mar chuid de sin feidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus bainistiú riosca na Roinne. Chas Cathaoirleach an Choiste Iniúchta leis an Ard-Rúnaí roinnt uaireanta agus tá Tuarascáil Bhliantúil an Choiste do 2014, a leagann amach na tosaíochtaí do 2015 agus a thuairiscigh faoi ghníomhaíocht 2014, sceidealaithe le bheith curtha faoi bhráid an Ard-Rúnaí i Mí Mhárta 2015. Rinne an Coiste teagmháil rialta le Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn freisin.

Dréachtaíodh treoir athbhreithnithe don Phainéal Náisiúnta Athbhreithnithe faoi Bhásanna Leanaí agus comhaontaíodh í le Cathaoirleach an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe, ÚFCS agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tá an treoir seo ar fáil anois ar shuíomhanna ábhartha gréasáin.

Lean an Roinn uirthi de bheith ag tacú le cur i bhfeidhm na dtionscnamh Caighdeáin Cháilíochta sna seirbhísí óige. Go príomha is uirlis tacaíochta, fhorbartha agus mheasúnaithe í seo a chuireann deis ar fáil do sheirbhísí agus d'eagraíochtaí a gcuid cleachtais oibre óige a chur in iúl trí theanga choiteann. Tá gach seirbhís oibre óige agus gach eagraíocht óige a mhaoinítear ag an Roinn ag cur na caighdeáin seo i bhfeidhm anois.

Tugadh sraith de chaighdeáin cháilíochta isteach i 2013 do chlubanna agus do ghrúpaí óige a bhfuil deonaigh i gceannas orthu agus rinneadh feidhmiú céimneach orthu go náisiúnta i 2014. Is í aidhm na gcaighdeán seo ná tacú le thart ar 1,600 club a bhfuil thart ar 100,000 ball acu agus iad ag cruthú agus ag soláthar clár agus gníomhaíochtaí forbartha d'ardchaighdeán do dhaoine óga i dtimpeallachtaí sábháilte agus tacúla.

Leanadh ar aghaidh le hobair i dtaca le treisiú agus le cur i bhfeidhm gnáthamh airgeadais agus neamhairgeadais maidir le hobair óige.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.2**
**Struchtúir institiúideacha athbhreithnithe a chur i bhfeidhm chun an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus seachadadh áitiúil seirbhísí leanaí a rialú**

Tar éis achtú an Achta um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar 1 Eanáir, 2014. Ceapadh Bord le naonúr ball ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige le feidhm ó 1 Eanáir, 2014, de réir fhorálacha an Achta.

Is príomhstruchtúr iad Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ) atá aitheanta ag an Rialtas chun seirbhísí a phleanáil agus a chomhordú do leanaí agus do dhaoine óga i ngach contae in Éirinn. Soláthraíonn siad fóram do chomhphleanáil agus do chomhordú gníomhaíochta agus do mhaoirseacht pholasaí agus soláthair, chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga agus a muintir seirbhísí optamacha. Is é an ról atá acu ná feabhas a chur ar chomhoibriú idirghníomhaireachta agus na torthaí náisiúnta a chur i gcrích atá leagtha amach i gCreatlach an pholasaí náisiúnta: *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*.

Méadaíodh an sainchúram aoise do Choistí na Seirbhísí do Leanaí (CSL) chun daoine idir aois 18 agus 24 a chuimsiú; ar an gcúis sin athraíodh ainm na gcoistí go Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ). Méadaíodh líon na CSLDÓ go náisiúnta ó 12 go 21 ar fud 22 chontae agus ar fud 25 limistéar áitiúil. Táthar ag coinne leis go ndéanfar feidhmiú céimneach iomlán ar fud an chuid eile den tír i 2015.

Thionóil an Roinn Tascghrúpa i Mí Mheán Fómhair 2014 chun breithniú a dhéanamh faoi phríomhcheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu i bhforbairt straitéiseach agus oibríochtúil na CSLDÓ. Cuireadh an obair seo i gcrích i Mí na Samhna 2014, agus é i gceist an Gormchló forbartha a fhoilsiú i Mí Mheithimh 2015.

**Cuspóir Straitéiseach 3 (2012-2014):**
**Tacú leis an Roinn agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le teacht ar fhianaise níos fearr agus maidir le héascú rannpháirtíocht ghníomhach na leanaí agus na ndaoine óga i socruithe a théann i bhfeidhm ar a saol aonair agus comhchoiteann**

**Gníomhaíocht Tosaíochta 3.1 – Sonraí agus Taighde**
**(a) Tógáil ar an infrastruchtúr ar ann dó cheana chun a chinntiú go bhfuil sonraí agus taighde faoi shaol na leanaí ar fáil, inrochtana, láidir agus tráthúil;**
**(b) Feabhas a chur ar an aistriú eolais ó shonraí agus ó thaighde ar shaol na leanaí agus na ndaoine óga sa tslí go dtuigtear a saol níos fearr agus go gcuirtear feabhas ar na seirbhísí.**

Leanadh ar aghaidh le rialachas agus le maoirseacht Ag Fás Aníos in Éirinn Céim 1 (2006-2014). Cuireadh i gcrích go rafar bailiú sonraí faoin gCéim seo.

Rinneadh dul chun cinn agus tugadh chun críche an próiseas soláthair do Ag Fás Aníos in Éirinn Céim 2 (2015-2019), chomh maith le measúnú tairiscintí agus idirbheartaíocht chonarthaí.

Bhí mar chuid den phríomhdhul chun cinn tabhairt chun críche bhailiú sonraí Chéim 3 le haoisghrúpa na naíonán agus foilsiú na dtuairiscí taighde *Ag Fás Aníos in Éirinn* seo a leanas:

- ‘*Growing Up in Ireland - Dynamics of child economic vulnerability and socio-emotional development: an analysis of the first two waves of the Growing Up in Ireland study’;*

- *'Growing Up in Ireland - Review of the Literature Pertaining to the Second Wave of Data Collection with the Infant Cohort at 3 years'*.

Foilsíodh roinnt tuarascálacha teicniúla freisin.

Ullmhaíodh cúigiú **Tuarascáil Staid Leanaí an Náisiúin** le haghaidh foilsithe agus tá sí le foilsiú i 2015.

Bhí i measc na dtionscnamh eile taighde agus sonraí a tionscnaíodh agus a cuireadh chun cinn le linn na bliana:
- Forbairt bhileog sonraí ag leibhéal an chontae do gach contae. Tabharfar iad seo chun críche i 2015.
- Dearadh togra chun tacar táscairí TNFTNF a fhorbairt.
- Cur i gcrích agus foilsiú Athbhreithnithe Luach Airgid ar chláir óige.
- Tacaíocht agus bainistiú taighde an phróisis athbhreithnithe piaraí agus fhoilsithe do 10 dtionscadal maoinithe taighde faoin tionscnamh TFT (2010, 2012).
- Tionscadal Infheistithe Iarmhairte Sóisialta curtha i gcrích (cuirfear an eilimint mhúnlaithe airgeadais & anailíse costais i gcrích i 2015).
- Forbraíodh agus seachadadh faoi dhó clár Oiliúna Measúnaithe d'oifigigh Roinne i 2014.
- Bunú scoláireachta iarchéime na Roinne i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, dar teideal Ag Fás Aníos in Éirinn.

Forbraíodh príomhshonraí feidhmíochta ar leanaí faoi chúram chun dul i bhfeidhm ar lucht déanta polasaí faoi raon beart a thugann cur síos maith ar an rochtain atá ag an ngrúpa leochaileach seo ar sheirbhísí cúraim agus leasa, agus ar an úsáid a bhaineann siad astu. Cuimsíonn an fhaisnéis seo sonraí faoi leanaí a fhaigheann seirbhís oibre sóisialta cosanta leanaí, na leanaí atá faoi chúram, a gcineál agus a seasmhacht socrúcháin, dáileadh geografach atreoruithe agus cásanna, agus táisc a gcuid rannpháirtíochta san oideachas.

Críochnaíodh athbhreithniú neamhspleách gníomhaíochtaí Aonaid Taighde na Roinne gur cuireadh faoi bhráid na Roinne i Mí Iúil 2014 é.

Dréachtaíodh Tuairisc Chur i bhFeidhm 2013 faoin Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus um Shonraí i Saol na Leanaí, agus táthar ag fanacht chun í a chur chun críche agus a fhoilsiú.

Tugadh chun críche taighde coimisiúnaithe a scrúdaigh taithí agus cleachtas na rannpháirtíochta. Is iad na tuairiscí taighde atá san áireamh ná:
1) Scrúdú ar pheirspictíocht na leanaí agus na ndaoine óga faoi iarmhairt na rannpháirtíochta sa chinnteoireacht i dtionscnaimh Roinne, leithéidí Comhairle na nÓg, Comhairle Dháil na nÓg, iarOifig an Aire do Leanaí agus do Ghnóthaí Óige, Fóram na Leanaí agus na nDaoine Óga agus tionscnaimh eile – ag tarraingt ar dhoiciméid agus ar líonraí ar ann dóibh cheana.
2) Aithint agus athbhreithniú ar an litríocht a bhaineann le taithí/tionscnaimh rannpháirtíochta i réimse na leanaí agus na ndaoine óga nach n-éistear ach go hannamh lena nglór. Is í aidhm an taighde ná an dea-chleachtas a aithint i réimse rannpháirtíochta na leanaí agus na ndaoine óga nach n-éistear ach go hannamh lena nglór, dea-chleachtas a bhaineann le hábhar i gcomhthéacs na hÉireann (lena n-áirítear rannpháirtíocht na bpríomhghrúpaí leithéidí an Lucht Siúil, leanaí agus daoine óga le míchumais agus leanaí agus daoine óga ó chúlraí / pobail faoi mhíbhuntáiste / leochaileacha).
3) Tuairimí agus barúlacha na leanaí agus na ndaoine óga idir aois 6 bliana agus 19 mbliana maidir le hathnuachan a mbailte agus a bpobail i gCnoc na hAoine, Cathair Chorcaí.
4) Cíoradh faoin méid a bhfuil leanaí agus daoine óga, idir aois 7 bliana agus 17 mbliana, iad ag maireachtáil in Éirinn uirbeach agus tuaithe na linne, in ann bheith páirteach agus dul i bhfeidhm ar cheisteanna a bhaineann leo ina mbaile, ina scoil agus ina bpobal.

Coimisiúnaíodh na staidéir seo faoi Thionsnaimh Fhorbartha Thaighde RLGÓ/na Comhairle um Thaighde in Éirinn 2010 agus 2012. Foilseofar na Tuairiscí leis an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht, agus scaipfear iad tríd an Mol Rannpháirtíochta.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 3.2**
**Glór na leanaí – Maoirseacht agus forbairt na struchtúr náisiúnta agus áitiúil don rannpháirtíocht ag leanaí agus ag daoine óga sa chinnteoireacht**

Sholáthair Aonad Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga na Roinne tacaíocht do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Measúnú na n-iarratas faoi Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg;
- Ullmhú tuairiscí dul chun cinn faoi fheidhmiú Chomhairle na nÓg;
- Cur i gcrích na comhdhála bliantúla náisiúnta faisnéise, oiliúna agus líonraithe do phríomhphearsanra údaráis áitiúil agus do lucht eagraithe Chomhairle na nÓg;
- Cur i gcrích na n-imeachtaí bliantúla réigiúnaithe líonraithe do bhaill óga Chomhairle na nÓg;
- Comhairliúcháin le daoine óga do phróiseas Dialóig Struchtúrtha an AE;
- Bunú comhpháirtíochta leis an CLG le dul i gcomhairle le daoine óga maidir le go n-éistfí lena nglór laistigh den CLG, agus maidir le bunú struchtúr le haghaidh a rannpháirtíochta sa chinnteoireacht;
- Rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga sa phróiseas earcaíochta don Ombudsman do Leanaí;
- Comhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga mar chuid d’fhorbairt na Straitéise Digití do Scoileanna.

Tá Coiste Feidhmiúcháin Chomhairle na nÓg 2014-2015 ag obair ar an bpríomh-mholadh a aithníodh agus a roghnaíodh trí vóta ag baill Chomhairle na nÓg ag Dáil na nÓg 2013; an moladh ná imeacht a eagrú faoi chothú sláinte dearfaí intinne.

Tionóladh Sárthaispeántas Náisiúnta Chomhairle na nÓg ar 20 Samhain 2014; b’in comóradh 25ú bliain ó síníodh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus rinneadh sin a cheiliúradh. Is imeacht dhébhliantúil é an Sárthaispeántas; lena linn déanann na daoine óga ó na 34 Chomhairle na nÓg:

- a gcuid oibre a shárthaispeáint dá chéile agus do phríomhlucht déanta na cinnteoireachta;
- agus mar a mbíonn siad ag déanamh líonraithe agus ag foghlaim óna chéile.

D’fhreastail 500 ball óg de Chomhairle na nÓg ar an imeacht ó gach contae in Éirinn. Dhírigh an imeacht go príomha ar chearta na leanaí, agus go háirithe ar Alt 12 CNACL, a dhearbhaíonn go n-éistfear le glór na leanaí agus na ndaoine óga le linn socruithe a théann i bhfeidhm ar a saol. D’fhreastail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Taoiseach ar an imeacht sárthaispeántais Thionóil baill Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí cruinniú speisialta den Choiste ag an imeacht freisin, cruinniú ar fhreastail baill óga de Chomhairle na nÓg air agus mar ar chuir siad láithreoireacht faoi bhráid an Choiste.

**Áirítear i measc Forbairtí Ábhartha eile le linn 2014:**
Foilsiú agus seoladh acmhainní a forbraíodh ag Teenagers and Children Talking in Care (TACTIC), grúpa a bunaíodh tar éis seoladh tuairisce faoi chomhairliúcháin le leanaí atá ag maireachtáil faoi chúram an stáit. Áirítear i measc na n-acmhainní seo:

- Leabhar scéalta do leanaí faoi bhun 7 mbliana;
- Treoirleabhar do leanaí;
- Treoirleabhar do dhaoine óga;
- Leabharmharc leis na Caighdeáin do dhaoine óga faoi chúram altrama;
- Leabharmharc leis na Caighdeáin do dhaoine óga faoi chúram cónaithe;
- Foirmeacha Athbhreithnithe Plean Cúraim do leanaí agus do dhaoine óga.

Ó go luath i 2015, tabharfaidh Tusla na hacmhainní seo do gach leanbh agus do gach duine óg atá le dul faoi

chúram.

I 2014 thug an Grúpa Oibre Náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar Dhialóg Struchtúrtha an AE le daoine óga, thug sé faoi chomhairliúcháin i dtaca le fiontraíocht óige agus i dtaca le cumasú don rannpháirtíocht pholaitiúil. Pléadh cinneadh an chomhairliúcháin ag Comhdhálacha Óige an AE.

Baineadh amach comhaontú faoi leathnú na seirbhíse Clár Tacaíochta Óige na hÉireann chuig na scoileanna coinneála leanaí ar bhonn píolótach le linn 2015. Soláthróidh an clár seo diantacaíocht de suas le 15 uair an chloig do 6 mhí do 10 duine óg mar chuid dá gcuid pleananna scaoilte amach.

**Cuspóir Straitéiseach 4 (2012-2014):**
**Feabhas a chur ar chórais do thacú teaghlach, do chumhdach agus do chosaint leanaí, ag soláthar cúram malartach agus ag cabhrú leis na daoine óga sin a bhfuil a gcuid iompair ina bhaol dóibh féin nó do dhaoine eile.**

**Gníomhaíocht Tosaíochta 4.1**
**Athrú córas a spreagadh chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar chomhsheasmhacht tacaí do thuismitheoirí; cumhdach leanaí go ginearálta; agus caighdeán chúram na leanaí sa chóras cúraim.**

Ina chéad bhliain fheidhmithe, sholáthair Tusla seirbhísí oibre sóisialta do 20,000 leanaí, lena n-áirítear 6,500 leanbh faoi chúram. Tá Tusla ag cur chun cinn clár fadréimseach athchóirithe, iad seo a leanas san áireamh:

- ailíniú acmhainní agus próiseas chun cinntiú go bhfuil atreoruithe faoi réir ag measúnú tosaigh, beartú tosaíochta agus freagra de réir polasaithe náisiúnta;
- tabhairt chun críche pleananna d'fheidhmiú céimneach múnla seirbhíse oibre sóisialta éigeandála taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre lasmuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- forbairt Chreata um Dhearbhú Cáilíochta;
- píolótú fheidhmiú céimneach an Chórais Náisiúnta Fhaisnéise Cúraim Leanaí;
- forbairt seirbhíse náisiúnta chun tacú le cur i bhfeidhm Treorach Náisiúnta Leanaí ar dTús;
- cur i bhfeidhm cur chuige ceantarbhunaithe i dtaca le Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh agus feidhmiú Mheitheal – múnla náisiúnta cleachtais do gach gníomhaireacht a bhíonn ag obair le leanaí, le daoine óga agus lena gclann.

Tá príomhról á chur i gcrích ag an Roinn i gcur chuige trasearnála Leanaí ar dTús. Cothaíonn Grúpa Idir-Rannach Cur i bhFeidhm Leanaí ar dTús, ina bhfuil na príomhRanna Rialtais ar fad páirteach in éineacht le Tusla agus leis an nGarda Síochána, cothaíonn sé tábhacht chomhlíonadh Leanaí ar dTús trasna an Rialtais agus cinntíonn sé go nglactar le cur chuige comhsheasmhach i dtaca le cur i bhfeidhm. Cuimsíonn an Bille Leanaí ar dTús (a foilsíodh i Mí Aibreáin, 2014) foráil chun an Grúpa seo a chur ar bhonn reachtúil.

Chas Grúpa Idir-Rannach Cur i bhFeidhm Leanaí ar dTús, a raibh an Roinn mar chathaoirleach air, chas sé le chéile trí huaire le linn na bliana, i Mí Mhárta, i Mí Mheithimh agus i Mí Dheireadh Fómhair. Chas Grúpa Maoirseachta Leanaí ar dTús na Roinne ar a chéile de réir mar a bhí riachtanach.

Fuarthas Tuarascáil an Rapóirtéara Speisialta faoi Chosaint Leanaí do 2013, tiomsaíodh freagraí ó ar fud na Rann agus na nGníomhaireachtaí ábhartha, agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais iad i Mí na Samhna 2014.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 4.3**
**Creat polasaí treisithe agus socruithe cur i bhfeidhm treisithe chun tacú le laghdú san ógchoireacht agus le héileamh laghdaithe do choinneáil leanaí**

Cuireadh tús le staidéar féidearthachta tar éis faofa Rialtais don togra déanta faoin Tionscnamh Infheistíochta

Sóisialta chun maoiniú daonchairdiúil agus príobháideach a mhealladh chun clár láidir maoirseachta agus tacaíochta a fhorbairt mar mhalairt rogha ar athchur faoi choimeád do dhaoine óga atá i mbaol gan na coinníollacha bannaí a chomhlíonadh. Leanadh ar aghaidh leis an staidéar i 2014 agus tá sé le tabhairt chun críche i 2015.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 4.4**
**Coimeád iomchuí, sábháilte agus slán a sholáthar le torthaí feabhsuithe sna réimsí sláinte, leasa agus oideachais do gach leanbh atá faoi choinneáil**

Cuireadh tús leis an tSeirbhís Mheasúnaithe, Chomhairliúcháin agus Teiripe (SMCT) do sheirbhísí feabhsaithe teiripeacha do leanaí go déanach i 2013 agus cuireadh é go hiomlán i bhfeidhm le linn 2014.

Seachadadh na chéad 3 aonad cóiríochta cónaithe, a dhéanfaidh ard-tosaíocht d'aistriú na freagrachta do bhuachaillí 17 mbliana d'aois ó áiseanna príosúin do dhaoine fásta, seachadadh iad go foirmeálta do champas Bhaile an Oibricigh i Mí na Samhna 2014. Tháinig tréimhse oiliúna agus ionduchtaithe do bhaill fhoirne agus tréimhse fheistithe na n-aonad nua le troscán agus le trealamh ina dhiaidh sin agus táthar ag súil leis go dtabharfar chun críche é go luath i 2015. Cinnteoidh an obair seo coimeád sábháilte agus slán leanaí sna foirgnimh nua agus cinnteoidh sí go gcomhlíontar na caighdeáin iomchuí sláinte agus sábháilteachta. I measc na gceisteanna eile atá á dtabhairt chun cinn agus a théann i bhfeidhm ar an dáta oibríochtúil d'aistriú na freagrachta do bhuachaillí 17 mbliana d'aois tá earcú an lín riachtanaigh foirne nua cúraim chun bheith ag obair sna háiseanna leathnaithe, agus rith reachtaíochta riachtanaí chun cinntiú go dtugtar aghaidh go hiomlán ar gach ceist dhlíthiúil a bhaineann le coimeád leanaí suas go haois 18 mbliana. Tar éis cláir earcaíochta a cuireadh i gcrích i 2014, chuir 38 ball nua foirne cúraim tús le fostaíocht ar champas Bhaile an Oibricigh agus tá an próiseas oiliúna agus ionduchtaithe curtha i gcrích acu.

**Cuspóir Straitéiseach 5 (2012-2014):**
**Tacú le leanaí agus le daoine óga sa tslí gur féidir leo bheith lánpháirteach san fhoghlaim ghníomhach, lena n-áirítear trí sholáthar cúram luathóige agus seirbhísí oideachais agus óige d'ardchaighdeán agus trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna freastail agus rannpháirtíochta scoile.**

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.1**
**Clár cuimsitheach oibre a chur i bhfeidhm chun soláthar áiteanna cúraim agus oideachais luathóige atá inrochtana agus d'ardchaighdeán a chinntiú do leanaí ón mbreith go haois a sé bliana**

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm na rudaí seo a leanas: Clár Cúraim agus Oideachais na Luathóige [.i. an bhliain uilíoch réamhscoile atá saor in aisce] agus na cláir dhírithe chúraim leanaí [.i. Cláir an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí Pobail (FCLP), Cláir an Chúraim Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta: Clár na Tacaíochta Oideachais agus Oiliúna don Chúram Leanaí (TOOCL) agus Clár Cúraim Leanaí Iarscoile (CLIS)]. Ina theannta sin, tugadh isteach Clár nua dírithe Cúraim Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta – clár an Chúraim Leanaí Fostaíochta Pobail (CLFP).

Soláthraíodh maoiniú de €2.5 milliún faoi Chlár Caipitil na Luathbhlianta agus soláthraíodh €0.5 milliún breise chun tacú le Tionscnamh an Ghrúpa Tuismitheoir agus Lapadán agus le Tionscnamh Náisiúnta Feighlíochta Leanaí.

Tugadh Céim 1 d'fhorbairt an infrastruchtúir TFC - 'An tArdán Cur i bhFeidhm Clár (ACFC)' – chun críche, rud a chuir ar chumas na soláthróirí seirbhíse rolluithe an chláir chúraim leanaí a bhainistiú go gníomhach

laistigh dá seirbhísí. Agus é go hiomlán i bhfeidhm, déanfaidh ACFC riar gach cláir chúraim leanaí a chuíchóiriú, soláthróidh sé tacar níos cuimsithí agus níos comhtháite próiseas bainistithe, beidh de thoradh air cleachtais oibre níos éifeachtaí, agus soláthróidh sé níos mó infheictheachta agus níos mó rialaithe ó thaobh cistí de. Beidh sé de chumas ag soláthróirí seirbhíse a gcuid sonraí seirbhíse a uaslódáil agus a leasú ar líne.

Rinneadh dul chun cinn maidir le hathbhreithniú na Rialachán Cúraim Leanaí chun soláthar a dhéanamh do chur i bhfeidhm na n-athruithe reachtaíochta don Acht Cúraim Leanaí 1991, athruithe a achtaíodh tríd an Acht um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013. D'éiligh athbhreithniú na Rialachán athscrúdú ó bhun go barr de Rialacháin Chúraim Leanaí 2006, lena n-áirítear athstruchtúrú na Rialachán de réir an dréachtaithe is déanaí. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na Rialacháin athbhreithnithe i 2015. Mar chomhartha aitheantais go leagann na Rialacháin íoschaighdeáin amach nach mór do sheirbhísí na luathbhlianta iad a bhaint amach, rinneadh dul chun cinn maidir le hullmhú na nDréachtChaighdeán Náisiúnta Cáilíochta chomh maith.

Faoi na Rialacháin athbhreithnithe Cúraim Leanaí, beidh sé d'iachall ar gach ball foirne a bhíonn ag obair go díreach le leanaí i seirbhísí na luathbhlianta mórdhámhachtain a bheith acu i réimse an chúraim agus an oideachais luathóige ag Leibhéal 5, ar a laghad, sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nó a choibhéis. Ina theannta sin, ó go déanach i 2016, faoi chonradh COLÓ, beidh sé d'iachall ar gach ceannaire réamhscoile a sheachadann an bhliain réamhscoile shaor in aisce mórdhámhachtain a bheith acu i réimse an chúraim agus an oideachais luathóige ag Leibhéal 6, ar a laghad, sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nó a choibhéis. Soláthraíodh maoiniú sonrach de €3 milliún i 2014/15 faoi Chiste na bhFoghlaimeoirí chun tacú le hoibrithe cúraim leanaí atá ag iarraidh na cáilíochtaí riachtanacha a fháil. Ba é chéad chuspóir, agus cuspóir ba thábhachtaí, an mhaoinithe seo, ná cinntiú go mbíonn gach ball foirne atá fostaithe cheana féin in inmhe na riachtanais éigeantacha cháilíochta a chomhlíonadh sa tslí gur féidir leo fanacht ina bpost tar éis tosú na Rialachán Cúraim Leanaí athbhreithnithe.

Bunaíodh 'Tús Níos Fearr', Seirbhís Náisiúnta Fhorbartha Cháilíochta na Luathbhlianta. Soláthraíonn an tSeirbhís seo foireann ardoilte agus lena lán taithí, foireann de 30 Speisialtóirí Luathbhlianta, le bheith ag obair go díreach i gcáil mheantóireachta leis na seirbhísí luathbhlianta. Déanfaidh Seirbhís Náisiúnta Fhorbartha Cháilíochta na Luathbhlianta comhordú freisin ar gach seirbhís tacaíochta cáilíochta státmhaoinithe, lena n-áirítear na seirbhísí sin a sholáthraítear ag Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae, agus ag na hEagraíochtaí Cúraim Leanaí Dheonaigh.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.2**
**Bheith ag obair le raon páirtithe leasmhara chun tacú le seachadadh tosaíocht an Rialtais maidir le caighdeáin fheabhsaithe litearthachta agus uimhearthachta a bhaint amach**

Lean an Roinn uirthi de bheith ag maoiniú Eagraíochtaí Cúraim Leanaí Dheonaigh chun Síolta agus Aistear a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le forbairt lámhleabhair nua chleachtais do na seirbhísí luathbhlianta, lámhleabhar a chuireann i dtoll a chéile príomhphrionsabail Síolta agus Aistear ar bhealach atá níos áisiúla don úsáideoir.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.3**
**Contanam idirghabhálacha dírithe seirbhíse a fhorbairt ar aidhm leo freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil daltaí a uasmhéadú / dul i ngleic le freastal íseal scoile, le míshástacht leis an scoil agus le luathfhágáil scoile**

Ó 2014 ar aghaidh, tá sainchúram reachtúil ag Tusla tacú le leanaí agus le daoine óga chun a bheith páirteach sa chóras oideachais agus chun leas a bhaint as. Tá sé mar fhreagracht ag Tusla cinntiú go mbíonn gach

leanbh ag freastal ar scoil aitheanta nó go bhfaigheann sé nó sí íosleibhéal áirithe oideachais.

Seachadann Tusla cur chuige comhtháite i dtaca le seirbhísí leasa oideachasúil trí athchóiriú leanúnach cleachtas oibre chun freagra feabhsaithe a sholáthar ar riachtanais na leanaí, na dteaghlach agus na scoileanna. Tá trí shraith sheirbhíse i gceist le Seirbhísí Leasa Oideachasúil (SLO) na Gníomhaireachta – an tSeirbhís Leasa Oideachasúil reachtúil agus na seirbhísí Cláir Thacaíochta Scoile faoi Phlean Gníomhaíochta DEIS na Roinne Oideachais (is é sin le rá, Scéim Thadhaill Phobail Baile-Scoil agus an Clár Críochnaithe Scoile).

D'oibrigh na Seirbhísí Leasa Oideachasúil reachtúla le níos mó ná 20,000 leanaí i 2014. Bhí i gceist le breis is 2,400 dianidirghabháil agus cur chuige ildhisciplíneach agus soláthar tacaíochta marthanaí ag Oifigeacha Leasa Oideachais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an linbh agus tacú le freastal scoile. Le linn na tréimhse seo sholáthair an Clár Críochnaithe Scoile tacaíocht do thart ar 36,000 leanaí agus daoine óga a bhí i mbaol an scoil a fhágáil go luath ar fud 124 clár pobalbhunaithe.

Rinneadh dul chun cinn maidir le hathbhreithniú an Chláir Chríochnaithe Scoile. Tá an t-athbhreithniú, atá á chur i gcrích ag ITES tar éis próisis soláthair a bainistíodh ag Tusla, ag scrúdú struchtúir an chláir. Déanfaidh sé anailís ar na hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil agus déanfaidh sé moltaí do thacaí fianaisebhunaithe ar aidhm leo na torthaí oideachasúla is fearr a chinntiú do dhaoine óga.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.4**
**Soláthar agus cleachtas oibre óige atá d'ardchaighdeán agus éifeachtach a chur chun cinn, trí mheán na rudaí seo a leanas san áireamh:**
**- feabhsuithe sa bhonn faisnéise agus eolais chun tacú le soláthar óige agus chun feabhas a chur air**
**- Comhsheasmhacht agus leanúnachas feabhsaithe idir polasaí, soláthar agus cleachtas óige**

Foilsíodh Athbhreithniú Luach Airgid agus Polasaí na gClár Óige sin a dhíríonn ar dhaoine óga atá i mbaol míbhuntáiste, foilsíodh é i Mí na Nollag 2014. Déanann an t-athbhreithniú roinnt moltaí le haghaidh feidhmiú na scéimeanna óige sa todhchaí agus le haghaidh a bhforbartha sna blianta amach romhainn. Cuirfear cur i bhfeidhm na moltaí seo i bhfeidhm i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Óige 2015-2020.

**Cuspóir Straitéiseach 6 (2012-2014):**
**Comhoibriú le páirtithe leasmhara, páirtithe ar fud an Rialtais san áireamh, maidir le monatóireacht ar agus cur chun cinn leas fisiciúil, mothúchánach agus eacnamaíoch na leanaí agus na ndaoine óga, agus maidir le míchothromaíochtaí a laghdú**

**Gníomhaíocht Tosaíochta 6.1**
**Struchtúir chuí a fhorbairt le cuidiú le comhchuibhiú agus ailíniú polasaí agus seachadta sheirbhíse chun torthaí feabhsaithe a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga**

Ba é an téama don Lá Náisiúnta Súgartha 2014 ná 'Ag dul amach le Súgradh', agus tugadh faoi raon leathan gníomhaíochtaí, bunaithe ar an téama seo, ag 30 Údarás Áitiúil. Deis atá sa Lá Náisiúnta Súgartha chun gníomhaíochtaí a nascadh a dtugtar fúthu ag Údaráis Áitiúla le heagraíochtaí óige agus spóirt agus feasacht an phobail a mhéadú maidir le tábhacht an tsúgartha.

Comhthionscnamh a bhí i Seachtain Náisiúnta Chaitheamh Aimsire 2014 idir an Roinn agus Údaráis Áitiúla. Is é cuspóir na Seachtaine Náisiúnta Caitheamh Aimsire ná cur chuige idirghníomhaireachta a spreagadh maidir le baint amach cuspóirí an Pholasaí Náisiúnta Caitheamh Aimsire. Thairg an Roinn deontas de suas le

€1,700 do gach údarás áitiúil i dtreo an chostais a bhaineann le heagrú imeachtaí na Seachtaine Náisiúnta Caitheamh Aimsire. Ghlac 31 Údarás Áitiúil páirt in imeachtaí Seachtaine Náisiúnta Caitheamh Aimsire.

Soláthraíodh luach €500,000 de dheontais chaipitil do 50 tionscadal agus eagraíocht óige ar fud na tíre. Astu seo, leithdháileadh 43 cinn de na deontais ar eagraíochtaí áitiúla óige, agus leithdháileadh 7 gcinn ar eagraíochtaí náisiúnta óige. Rinne na deontais soláthar d'uasghrádú nó d'athsholáthar trealaimh nó do cheannach trealaimh riachtanaigh chun tacú le reáchtáil an tionscadail óige/ na heagraíochta óige.

I gcomhar leis an earnáil óige, chuir an Roinn tús le forbairt 'Tionscnaimh Fostúchais Óige' a bhfuil i gceist leis leathnú tionscnamh cruthaithe oibre óige a mhéadaíonn fostúchas daoine óga imeallaithe san aoisghrúpa 15 go 24 bliana. Beidh sé mar aidhm aige díriú ar na daoine óga sin is deacra teagmháil a dhéanamh leo, agus atá i mbaol bheith ina NEET (.i. daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna); díreofar orthu le diantacaíocht chun dífhostaíocht a chosc.

Is tionscnamh nuálach é an Clár Óige Limistéarbhunaithe a fógraíodh sa Chlár Rialtais, agus a bheidh i bhfeidhm ó 2013-2016. Léiríonn sé tiomantas an Rialtais le glacadh le cur chuige limistéarbhunaithe le cabhrú le bochtanas na leanaí a laghdú trí fheabhsú torthaí do leanaí. Tá Clár COL á chómhaoiniú ag an Roinn agus ag Atlantic Philanthropies. Is é an méid iomlán maoinithe a bheidh ar fáil sa tréimhse 2013-2016 ná €29.7 milliún. I 2013, aistríodh na trí iarláithreán PEIP chuig clár COL.

I Mí Mheithimh 2014, faomhadh 4 cinn de na 10 láithreán nua le bheith tugtha chun tosaigh chuig céim an chonartha ós rud é go raibh siad in ardchéim fhorbartha agus go raibh siad réidh le haghaidh measúnaithe. Faomhadh 5 cinn eile de na 10 láithreán nua i Mí Mheán Fómhair chun dul ar aghaidh go dtí céim an chonartha. Tá 10 láithreán ag feidhmiú anois. Táthar ag súil leis go mbeidh na 13 láithreán ar fad faoi chonradh agus iad ag feidhmiú go luath i 2015.

Tá an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (LSÉ), i gcomhar le Grúpa Comhairleach Saineolaithe, ag forbairt cláir mheasúnaithe do Chlár COL. Beidh an measúnú ag díriú ar na torthaí a bhaintear amach ag na cláir COL do leanaí agus do theaghlaigh atá rannpháirteach go díreach.

I Mí Mheán Fómhair 2014 chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige iarratas faoi bhráid Chiste na gCuntas Díomhaoin, ag lorg maoinithe chun tacú le clár tógála cáilíochta agus toillte, clár a rachaidh cinneadh éigeandála ó Chlár COL agus tionscnaimh ghaolmhara i bhfeidhm air.

**Cuspóir Straitéiseach 7 (2012-2014):**
**Bheith aitheanta mar eagraíocht mar a mbaintear amach, ar bhonn leanúnach, ardfheidhmíocht agus mar a dtacaítear le forbairt phearsanta.**

**Gníomhaíocht Tosaíochta: na socruithe corparáideacha a chur i bhfeidhm chun tacú le foireann na Roinne bheith ag obair de réir ardchaighdeán gairmiúil. Iad a dhéanamh inniúil, go háirithe, leis na scileanna sin a theastaíonn uathu chun sainchúram na Roinne a bhaint amach.**

Leanadh ar aghaidh le hinfheistiú sa phróiseas mar a bhfaigheann baill fhoirne cáilíochtaí ardoideachais agus forbairt ghairmiúil. Tacaíodh le staidéar sna réimsí seo: Eolaíocht Shóisialta, Staidéar an Dlí, Anailís Pholasaí, Dlí na Fostaíochta, Rialachas, Staitisticí, Bainistiú Poiblí, Taighde Sláinte, Bainistiú Athraithe, Ceannaireacht agus Soláthar Poiblí.

Ina theannta sin, soláthraíodh oiliúint shonrach trasna raoin inniúlachtaí, leithéidí cumarsáid, rialachas, scileanna boga oifige, Saoráil Faisnéise agus réimsí speisialaithe leithéidí réimsí dlíthiúla, Acmhainní Daonna agus cúrsaí airgeadais.

Leanadh ar aghaidh le clár oiliúna Measúnaithe Pholasaí na Roinne agus tugadh isteach clár éigeantach oiliúna bainistithe shóisearaigh ag leibhéal an Oifigigh Fhoirne, an Oifigigh Fheidhmiúcháin, an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin agus an Oifigigh Riaracháin. Forbraíodh ábhar do chláir dírithe ar leibhéil an Phríomhoifigigh Chúnta agus an Phríomhoifigigh agus tabharfar clár oiliúna isteach le linn 2015.

Tionóladh sraith láithreoireachtaí dar teideal '*Lunch & Learn*', a raibh i gceist leo idir fhaisnéis nuashonraithe a cuireadh ar fáil faoi Ag Fás Aníos in Éirinn agus sheisiúin fhaisnéise faoi obair na Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe, faoi Fheasacht Strus agus faoi Fheasacht Sláinte Intinne.

Cuireadh tuilleadh feabhais ar mhúnla Pleanála agus Tuairiscithe Gnó na Roinne trí thabhairt isteach próisis tuairiscithe Rannáin lárbhliana. Spreagann sin roinnt faisnéise trasrannáin agus cuireann sé deiseanna breise ar fáil don fhoireann chun tuiscint conas a bhaineann a gcuid oibre leis na cuspóirí iomlána straitéiseacha don Roinn.

D'earcaigh an Roinn daoine ag leibhéil chléireachais agus bhainistithe shóisearaigh den chéaduair le blianta fada. Bhí i gceist leis sin earcaíocht do phoist shealadacha agus do phoist bhuana araon. Forbairt í seo a gcuirimid fáilte roimpi agus is tús é le próiseas chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainne ar ann dóibh cheana agus chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh na ndúshlán bainistithe chomharbais sin a bheidh os comhair na Roinne sna 5 bliana atá amach romhainn.

Ina theannta sin, lean an Roinn uirthi de bheith ag déanamh ardtosaíochta agus de bheith ag atheagrú acmhainní foirne thart ar ualaí oibre agus cuspóirí tosaíochta.

D'ullmhaigh an Roinn sraith de dhoiciméid Bhainistithe Thaifead atáthar tar éis scaipeadh. Cuireadh córas bainistithe thaifead CRAFTS ar fáil ar fud na Roinne. Feidhmíonn líonra oifigigh tadhaill taifead sa Roinn agus cuireadh oiliúint ar fáil.

Leanadh ar aghaidh le hinfheistíocht i dtrealamh agus in infrastruchtúr TFC chun caighdeán an trealaimh a chothabháil atá ar fáil ag baill fhoirne. Rinneadh infheistíocht freisin san infrastruchtúr tacaíochta, infheistiú a chuimsigh roinnt fótachóipirí/printéirí/scanóirí comhtháite ardmhéid.

Lean an Roinn ar aghaidh le clár de chuairteanna gairide láithreáin, a eagraíodh chun cur ar chumas na foirne bheith ag déanamh teagmhála le soláthróirí seirbhíse agus chun feabhas a chur ar eolas na foirne. Chuimsigh siad seo oifig dhualgais Oibre Sóisialta Leanaí agus Teaghlaigh, Seirbhísí Idirghabhála Géarchéime agus Aonad Sainchúraim.

## Aguisín I

## Clár Reachtaíochta 2014

### (1) An Bille um Acht na Leanaí (Leasú)

Cinn billí breise agus Scéim Ghinearálta Bhille forbartha agus faofa ag an Rialtas.

Is é príomhchuspóir na reachtaíochta seo ná cónascadh dlíthiúil na 3 scoil choinneála leanaí ar ann dóibh cheana a éascú agus soláthar a dhéanamh le haghaidh athruithe riachtanacha eile d'Acht na Leanaí 2001, athruithe a bhaineann, go háirithe le ceangaltas an Chláir Rialtais deireadh a chur le coinneáil na leanaí in áiseanna coinneála daoine fásta.

De bhun dlíthíochta agus ceisteanna eile a d'eascair le linn an phróisis dréachtaithe, aithníodh tuilleadh riachtanas reachtaíochta. Forbraíodh 19 gCeann Bille breise chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo. Faomhadh iad seo ag an gCaibinéad ar 10 Méan Fómhair 2014. Is é príomhchuspóir na bhforálacha breise seo ná córas loghtha a thabhairt isteach sna scoileanna coinneála leanaí.

### (2) Bille um an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú)

Cinn Billí athbhreithnithe agus Scéim Ghinearálta Bhille forbartha agus faofa ag an Rialtas.

Faomhadh an Scéim Ghinearálta agus na Cinn Bíllí ag an gComh-aireacht ar 25 Feabhra 2014. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta seo ná forálacha reachtaíochta a threisiú i dtaca le hiarchúram agus dualgas reachtúil a chur ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun plean iarchúraim a ullmhú i dtaca le leanbh nó duine óg incháilithe.

Bhí an Scéim Ghinearálta agus na Cinn Billí faoi réir ag iniúchadh réamhreachtaíochta ag Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí ar 1 Aibreán 2014. Cuireadh Tuairisc an Choiste, a rinne roinnt moltaí, cuireadh ar fáil í ar 17 Iúil 2014. Ina dhiaidh sin faomhadh an Scéim Ghinearálta agus na Cinn Billí faofa ag an gComh-aireacht ar 16 Nollaig 2014 agus cuireadh tús leis an bpróiseas dréachtaithe.

### *(3)* An Bille um Leanaí ar dTús

Foilsíodh Cinn Billí agus Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí ar dTús ar 10 Aibreán 2014. Cuirfidh an Bille eilimintí den Treoir Náisiúnta Leanaí ar dTús ar bhonn reachtúil chun ceangaltas an Chláir Rialtais a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. Beidh san áireamh sa reachtaíocht soláthar do thuairisciú éigeantach cúiseanna imní leas agus cosaint leanaí ag gairmigh áirithe. Tá sé i gceist freisin feabhas a chur ar shocruithe cosanta leanaí sna heagraíochtaí sin a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí chomh maith le feasacht a spreagadh faoi mhí-úsáid leanaí agus faoi neamart a dhéantar iontu.

### (4) An Bille Uchtála (Rianú agus Faisnéis)

Rinneadh dul chun cinn ar obair i 2014 i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne chun Cinn Billí a dhréachtú chun soláthar a dhéanamh do Sheirbhís Fhaisnéise agus Rianaithe i dtaca le huchtuithe. D'eascair gnéithe dlíthiúla agus bunreachtúla, go háirithe san iarracht iarratas duine uchtaithe ar fhaisnéis faoina (h)aitheantas a réiteach le ceart a t(h)uismitheora bhreithe ar phríobháideachas i ndálaí nuair nár soláthraíodh toiliú. D'eascair moill sa

reachtaíocht bheartaithe mar gheall ar na ceisteanna seo. Tá sé i gceist an Scéim Ghinearálta agus na Cinn Billí a atreorú chuig Coiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí le haghaidh iniúchta réamhreachtaíochta.

### (5) An tAcht um Chúram Leanaí 1991 - Athbhreithniú

Chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991.

## **Aguisín II**

## **Foilseacháin i 2014**


- Athbhreithniú den Litríocht faoi Phrionsabail Chleachtais Is Fearr
- *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile - Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí & do Dhaoine Óga 2014 - 2020*
- Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na nÓg 2013
- Breithmheas ar Dháil na nÓg 2013
- Tuarascáil den Ghrúpa Idir-Rannach faoi Árais Mháithreacha agus Leanaí
- Tuarascáil Toscairí Dáil na nÓg 2013
- Seachtú Tuarascáil an Rapóirtéara Speisialta faoi Chosaint Leanaí
- Treoir faoi Fheidhmiú an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe
- Athbhreithniú Luach Airgid agus Polasaí na gClár Óige a Dhíríonn ar Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste

# Aguisín III

Ag deireadh Mhí na Nollag 2014 bhí 151 ball foirne [138.86 coibhéis lánaimseartha] ag feidhmiú sa Roinn, is ionann sin is 0.38% d'fhoireann iomlán na státseirbhíse.

Seo a leanas sonraí táirgeacht chaiteachais na Roinne do 2014 ar fud na bpríomhréimsí cláir:

| | | Táirgeacht |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | |
| A | Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | 676,530 |
| B | Cláir earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga | 309,716 |
| C | Clár Polasaí agus Reachtaíochta | 12,899 |
| | **Ollchaiteachas** | **999,145** |
| | **Bain as** | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **22,898** |
| | **Glanchaiteachas** | **976,247** |



# Aguisín IV

## Forléargas na hÚsáide Fuinnimh i 2014


Sa chuid seo leagtar amach an úsáid fhuinnimh sa Roinn Leanaí & Gnóthaí do 2014 agus na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fhuinnimh. Cuirtear tuairisceáin faoi bhráid Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) ar bhonn bliantúil agus tugtar sonraí faoi fheidhmíocht 2014 thíos.

Tá gníomhaireachtaí de chuid na Roinne freagrach as tuairisciú a dtomhaltais fhuinnimh féin chuig ÚFIÉ agus níl a dtomhaltas san áireamh sna figiúirí seo.

| **Ionad** | **Leictreachas kWH** | **Gás kWH** | **Iomlán kWH** | **Comparáid Bhliana Bhonnlíne (2007)** |
|---|---|---|---|---|
| Ceanncheathrú Bóthar Mespil | 372,791 | 324,099 | 696,890 | -22.29% |

Ba é an príomhthionscnamh a cuireadh i gcrích le linn 2014 ná rannpháirtíocht na Roinne i bhfeachtas OOP 'Optimising Power@work'. Tionóladh cruinnithe ráithiúla le hionadaí Aramark chun torthaí a gcláir mhonatóireachta a phlé, agus le comhairle a fháil maidir leis an tslí is fearr chun tomhaltas fuinnimh a laghdú tuilleadh.

# Appendix V
## Organisation Chart



| Comhlachais faoi choimirce na Roinne agus an Choimisiúin ghaolmhair |
|---|

| | |
|---|---|
| **An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**<br>Gordon Jeyes,<br>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,<br>Urláir 2-5,<br>Foirgneamh Brunel,<br>An Ceantar Theas,<br>Baile Átha Cliath 8 | **Údarás Uchtála na hÉireann**<br>Patricia Carey,<br>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,<br>Teach Shíol Bhroin,<br>Bóthar Shíol Bhroin,<br>Baile Átha Cliath 4 |
| **Scoileanna Coinneála Leanaí**<br>Joe Horan,<br>Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta,<br>Campas Bhaile an Oibricigh,<br>Lusca,<br>Co. Átha Cliath | **Oifig an Ombudsman do Leanaí**<br>Frank Honan,<br>Bainisteoir Oifige,<br>Teach na Mílaoise,<br>52-56 Sráid na Trá Mhór,<br>Baile Átha Cliath 1 |

| **Coimisiún Fiosrúcháin ar Árais Mháithreacha agus Leanaí & Nithe Gaolmhara Áirithe** |
|---|
| An Breitheamh Yvonne Murphy,<br>73, Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |